www.balleawriters.com

# AN T-IMREIOR A D'FHILL

Le Maidhc Óg S. Meirtneach

Oiche chin bhliana a bhí ann. "Go deo deo 'rís ní  bhfad," a dúirt Búistéir agus é ag féachaint isteach sa scáthán ar a ghnúis loiter de bharr an iomarca rugair. Stad sé, díreach art í é féin a bhearrad. Bhí crith lámh air.

"Dhiabhail, níor mhiste dom mé féin a bhearradh inniu cinnte! Ach conas d'fhéadfainn agus an cluichei gcionn uair an chloig? Bearrfad sula léirím an scannán anocht."

Meanlae

Isteach leis! Brú! Haicea! Taobh thiar díot! Seachain! Brostaigh! Mó cheol thú, a Bhúistéir, úd iontach!

Asch bhí dul amú ar ár gcaptaen agus ar an slua. Bhí an réiteoir údarásach féin ina sheasamh cúig slat amach ón mbunlíne.

Búú! Faigh spéachalí, a amadáin! Ní raibh sé! Drochphas a bhí ann, a deirim. Ar mhaith leat dul chun siúil? Clibirt eile. Isteach le Búistéir ascailteora ("hooker") go fíochmhar ann. Bhrúigh an dá ochtar. Thit an chlibirt as a chéile. Thit cúigear déag anuas ar droim Búistéara.

D'eirigh said ina nduine agus ina nduine. Ach níor éirigh Búistéir.

"Á! Seanchlease," a dúirt an réiteoir leis, mar bhagairt. Ach níor éirigh sé fós.

Tháinig an triúr dochtúir a bhí leis an dá fhoireann mórthimpeall ar Bhúistéir. Ar ball, tar éis cuimilt aghaidhe, tháining sé chuige féin. Sheas sé le lámha cúnta.

Hurá! Beidh na flics again anocht, a bhéic an slua.

Bhí ar an réiteoir saorchic a thabhairt. Ní raibh aon dul as aige, cé go raibh an-bhinb idir eisean agus Búistéir le cianta.

Thar an trasnán leis an gcic, cé go raibh uilinn mhaith ann agus sí-gaoth ar an mbun sin den ghort. An scór: 7-6 inár bhfábhar.

Lig an réiteoir don chluiche maireachtaint ceathrú uair an chloig thar an am, ach níor eirigh leo bhuachaint orainn.

Faoi dheireadh, shéid sé an fheadóg dhéanach. Bhí an chraobh beirthe linn, agus bhí sean-Bhúistéir ag rince le gliondar.

Tráthnóna

Bhí slua mór sa phictiúrlann ar bharra a suíochán ag liúraigh is ag béicigh gach uair ar tháinig John Wayne amach ar an bhfalla clochaoil.

Chríochnaigh eachtra an bhuachalla bó. Sheas an slua féachanna. Ach níor tháinig nótaí am amhráin náisiúnta amach sa halla.

Brostaigh ort a Bhúistéir! Tá fonn orm cuairt a thabhairt are an jax. Ambaist! Ach ní raibh nóta ceoil le clos.

Bhrúigh said triúr go fíochmhar ar an doras dúnta. Bhris said isteach é. Stán said. Bhí Búisteir leagtha thar a theilgeoir. D'iompaigh said ar a dhroim é ar an urlár fuar.

"Fuair sé buille uafásach inniu, a dhoctúir. Ach togha fir é. Tiochfaidh sé chuige féin i gcionn cúpla nóiméad. Seo dhuit, buidéal branda."

Shlog an dochtúir bolgam as an mbuidéal. Chaoin sé. D'fhéach sé suas orthue agus é ar leathghlúin.

"Tá sé marbh, ochón."

www.balleawriters.com